2026/66

6.1.2026

CINNEADH (AE) 2026/66 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Nollaig 2025

lena leasaítear Cinntí 2014/350/AE, 2014/391/AE, (AE) 2016/1332, (AE) 2016/1349 agus (AE) 2017/176 a mhéid a bhaineann le tréimhse bhailíochta chritéir Éicilipéad an AE agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú lena mbaineann le haghaidh táirgí teicstíle, tochtanna leapa, troscáin, coisbhirt agus clúdaigh urláir de bhunús adhmaid, de bhunús coirc agus de bhunús bambú

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 9163)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle le Bord an Aontais Eorpaigh um Éicilipéadú,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 gur féidir Éicilipéad an AE a dhámhachtain do tháirgí ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol le linn a saolré ar fad. Tá critéir shonracha Éicilipéad an AE le bunú le haghaidh gach grúpa táirgí.

(2) Le Cinneadh 2014/350/AE ón gCoimisiún ([2]), bunaíodh critéir Éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí ‘táirgí teicstíle’. Tá bailíocht na gcritéar sin agus na gceanglas gaolmhar maidir le measúnú agus fíorú le dul in éag an 31 Nollaig 2025.

(3) Le Cinneadh 2014/391/AE ón gCoimisiún ([3]), bunaíodh critéir Éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí ‘tochtanna leapa’. Tá bailíocht na gcritéar sin agus na gceanglas gaolmhar maidir le measúnú agus fíorú le dul in éag an 31 Nollaig 2026.

(4) Le Cinneadh (AE) 2016/1332 ón gCoimisiún ([4]), bunaíodh critéir Éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí ‘troscán’. Tá bailíocht na gcritéar sin agus na gceanglas gaolmhar maidir le measúnú agus fíorú le dul in éag an 31 Nollaig 2026.

(5) Le Cinneadh (AE) 2016/1349 ón gCoimisiún ([5]), bunaíodh critéir Éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí ‘coisbheart’. Tá bailíocht na gcritéar sin agus na gceanglas gaolmhar maidir le measúnú agus fíorú le dul in éag an 31 Nollaig 2025.

(6) Le Cinneadh (AE) 2017/176 ón gCoimisiún ([6]), bunaíodh critéir Éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí ‘clúdaigh urláir de bhunús adhmaid, de bhunús coirc agus de bhunús bambú’. Tá bailíocht na gcritéar sin agus na gceanglas gaolmhar maidir le measúnú agus fíorú le dul in éag an 31 Nollaig 2026.

([1]) IO L 27, 30.1.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/66/oj.
([2]) Cinneadh 2014/350/AE ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2014 lena mbunaítear na critéir éiceolaíocha chun Éicilipéad AE a dhámhachtain do tháirgí teicstíle (IO L 174, 13.6.2014, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/350/oj).
([3]) Cinneadh 2014/391/AE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2014 lena mbunaítear na critéir éiceolaíocha chun Éicilipéad AE a dhámhachtain do thochtanna leapa (IO L 184, 25.6.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/391/oj).
([4]) Cinneadh (AE) 2016/1332 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena mbunaítear na critéir éiceolaíocha chun Éicilipéad an AE a dhámhachtain do throscán (IO L 210, 4.8.2016, lch. 100, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1332/oj).
([5]) Cinneadh (AE) 2016/1349 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2016 lena mbunaítear na critéir éiceolaíocha chun Éicilipéad an AE a dhámhachtain do choisbheart (IO L 214, 9.8.2016, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1349/oj).
([6]) Cinneadh (AE) 2017/176 ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2017 lena mbunaítear critéir éiceolaíocha Éicilipéad an AE le haghaidh clúdaigh urláir de bhunús adhmaid, de bhunús coirc agus de bhunús bambú (IO L 28, 2.2.2017, lch. 44, ELI: ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/176/oj).

(7) I gcomhréir leis na conclúidí ón tSeiceáil Oiriúnachta ar Éicilipéad an AE (REFIT) an 30 Meitheamh 2017 ([7]), rinne Coimisiún, in éineacht le Bord Éicilipéad an AE, measúnú ar ábharthacht chritéir Éicilipéad an AE i gcás na ngrúpaí táirgí thuasluaite le haghaidh scéim Éicilipéad AE, dhearbhaigh siad ábharthacht na gcritéar sin agus chuir siad chun feidhme réitigh chun na sineirgí idir na grúpaí táirgí a fheabhsú agus chun glacadh Éicilipéad an AE a mhéadú.

(8) Tugadh chun solais leis na breithnithe thuasluaite gur measadh, i gcás tochtanna leapa, troscáin, coisbhirt agus clúdaigh urláir de bhunús adhmaid, de bhunús coirc agus de bhunús bambú, go raibh na critéir fós cothrom le dáta agus gur dócha go bhfanfaidís amhlaidh sa tréimhse díreach amach romhainn. Mar thoradh air sin, maidir le hathbhreithnithe ar na critéir agus ar na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú le haghaidh na ngrúpaí táirgí sin, ba cheart na hathbhreithnithe sin a chur siar, rud a fhágfaidh gur féidir reachtaíocht atá ag teacht chun cinn san earnáil a chomhtháthú agus ailíniú agus comhleanúnachas a áirithiú le beartais eile de chuid an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le táirgí. Maidir le táirgí teicstíle, is gá an t-athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair a chur i gcrích tar éis eisiúint an ghnímh tharmligthe faoi Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), chun comhleanúnachas a áirithiú idir na ceanglais a leagfar síos sa ghníomh tarmligthe sin agus na ceanglais i gcritéir Éicilipéad an AE, agus machnamh á dhéanamh ar an bhféidearthacht Éicilipéad an AE a úsáid amach anseo mar chruthúnas ar chomhlíonadh na gceanglas éicidhearthóireachta a leagfar amach sa ghníomh tarmligthe sin sa mhéid go gcumhdaítear na ceanglais sin le critéir Éicilipéad an AE. Go dtí sin, ba cheart na critéir agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú le haghaidh táirgí teicstíle leanúint de bheith bailí.

(9) Chun éascaíocht a dhéanamh ar an gcomhordú a dhéanann an Coimisiún ar an bpróiseas athbhreithnithe in éineacht le tionscnaimh reachtacha atá ar na bacáin, agus chun iarrachtaí a chomhdhlúthú i gcás inar féidir, is gá síneadh a chur le tréimhse bhailíochta chritéir Éicilipéad an AE, chomh maith leis na ceanglais maidir le measúnú agus fíorú a leagtar amach i gCinntí 2014/350/AE, 2014/391/AE, (AE) 2016/1332, (AE) 2016/1349 agus (AE) 2017/176.

(10) Ionas go mbeidh go leor ama ann chun na próisis athbhreithnithe a chur i gcrích, chun critéir a eisítear in aon bhliain amháin a chomhdhlúthú i gCinneadh amháin ón gCoimisiún agus chun comhleanúnachas margaidh a áirithiú le haghaidh sealbhóirí ceadúnais idir leagan reatha agus leaganacha athbhreithnithe na gcritéar, ba cheart síneadh a chur le tréimhse bhailíochta na gcritéar atá ann faoi láthair agus le tréimhse bhailíochta na gceanglas gaolmhar maidir le measúnú agus fíorú, go dtí an 31 Nollaig 2028 le haghaidh táirgí teicstíle agus coisbhirt, agus go dtí an 31 Nollaig 2029 le haghaidh troscáin, agus clúdaigh urláir de bhunús adhmaid, de bhunús coirc, agus de bhunús bambú, agus go dtí an 31 Nollaig 2030 le haghaidh tochtanna leapa.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinntí 2014/350/AE, 2014/391/AE, (AE) 2016/1332, (AE) 2016/1349 agus (AE) 2017/176 a leasú dá réir sin.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 66/2010,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Chinneadh 2014/350/AE

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6 de Chinneadh 2014/350/AE:

‘*Airteagal 6*

Beidh critéir Éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí “táirgí teicstíl” agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2028.’.

([7]) *Report from the Commission to the European Parliament and the Council on the review of implementation of Regulation (EC) No 1221/2009 of the European Parliament and of the Council of 25 November 2009 on the voluntary participation by organisations in a Community eco-management and audit scheme (EMAS) and the Regulation (EC) No 66/2010 of the parliament and of the Council of 25 November 2009 on the EU Ecolabel* [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ón bParlaimint agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht dheonach eagraíochtaí i scéim um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) agus ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE] [COM(2017) 355].[COM(2017) 355 final].

([8]) Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj).

Airteagal 2

Leasú ar Chinneadh 2014/391/AE

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh 2014/391/AE:

'*Airteagal 4*

Beidh critéir Éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí "tochtanna leapa" agus na ceanglais maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2030'.

Airteagal 3

Leasú ar Chinneadh (AE) 2016/1332

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2016/1332:

'*Airteagal 4*

Beidh critéir Éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí "troscán" agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2029'.

Airteagal 4

Leasú ar Chinneadh (AE) 2016/1349

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2016/1349:

'*Airteagal 4*

Beidh critéir Éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí "coisbheart" agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2028.'.

Airteagal 5

Leasú ar Chinneadh (AE) 2017/176

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2017/176:

'*Airteagal 4*

Beidh critéir Éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí "clúdaigh urláir de bhunús adhmaid, de bhunús coirc agus de bhunús bambú" agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2029'.

Airteagal 6

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Jessika ROSWALL
Comhalta den Choimisiún